


A Mhúinteoir Eolaíochta, a chara

Ar an gcéad dul síos, is mian linn gach duine a mholadh maidir le scoileanna a oscailt agus a fheidmiú an tseachtain seo caite. Is trí thacaíocht agus trí thiomantas múinteoirí amháin is féidir an chéad chéim seo a ghlacadh chun scoláirí a athcheangal lena bpobail scoile.


### Tacaí sa Todhchaí

Is dúshlán don teagasc a bheith ag obair agus na dálaí mar atá i láthair na huaire. Táimid ag obair go dlúth le roinnt múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile, ag fiosrú roinnt smaointe inoibrithe chun an tsonraíocht eolaíochta a chur i bhfeidhm i bhfianaise na ndúshlán reatha seo agus roinnfidimid libh iad sna seachtainí amach romhainn. Ar mhiste libh a chinntiú go bhfuil aon bhaill foirne nua ar an liosta seoltaí againn.



### Pleanáil na Roinne

Anois go raibh deis agat féin agus ag do chuid scoláirí tosú a dhul i dtaithe ar ghnéithe praiticiúla de shaol na scoile, is féidir go mbeifeá ag tosú ar phleananna roinne a fhorbairt agus a athbhreithniú. Is féidir teacht ar roinnt leideanna [anseo](#) chun cabhrú leat na comhráite pleanála sin a stiúradh.



### Deiseanna FGL sa Todhchaí

Táimid ag obair freisin le roinnt eagraíochtaí eile chun a chinntiú go n-aistrítear deiseanna FGL a bhíonn ar fáil de ghnáth ag an am seo den bhliain chuig ardán ar líne.

Is cúis áthais dúinn a bheith rannpháirteach in imeacht ar líne IOP Críocha na Fisice, ag tacú leis an tSraith Shóisearach agus le teagasc na Fisice, Dé **Sathairn 19 Meán Fómhair**. Is féidir sonraí na comhdhála seo a fháil [anseo](#) chomh maith le rochtain ar chlárú.



Dé **Sathairn 26 Meán Fómhair** ó 10.00am – 1.30pm, tá áthas ar SSM comhpháirtíocht a dhéanamh le ESERO Ireland agus le Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe chun an tríú heagrán de Chomhdháil Oideachais Spástaistil Éireann ESERO a chur i láthair mar imeacht sruthaithe ar líne.

Agus é á réachtáil mar chuid de Sheachtain Spástaistil le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann, tá sé mar aidhm ag an gcomhdháil seo cabhrú le teagasc agus foghlaim i snáithe na Sraithe Sóisearaí an Domhan agus an Spás le cuir chuige spreagúla agus praiticiúla i leith teagaisc na heolaíochta. Beidh défhócas againn i mbliana - ag féachaint ar shonraí satailíte a úsáid sa seomra ranga agus scoláirí a bheith rannpháirteach mar “bhleachtairí aeráide” trí bhreathnóireachtaí a dhéanamh ina dtimpeallacht áitiúil féin. Is féidir teacht ar shonraí agus clárú saor in aisce don imeacht seo [anseo](#).

